



**COIMEÁD TE AGUS
BÍ ULLAMH DON
GHEIMHREADH**

TAOBH ISTIGH:

Ceacht beag	2
Ag rothaíocht san Eoraip	2
Scéal grinn	3
An Fliú Dubh - I	4
Bliain na Gaeilge faoin tuath	5
Breatimeacht	5
Cuairt ar an mBlascaod Mór	6
Foghlaithe mara An Rois	7
Caomhnú phortaigh na hÉireann agus an Ghaeilge	8
1918 - an tAthrú Mór in Éirinn	9
Crosfhocal & Cuardach focal	10
An Bolcánach	11
Ag meilt ama (dán)	11
Tubaiste an RMS Leinster, 1918	12



AN TAOBH Ó THUAIDH

agus ar fud na cathrach

Ná labhair faoi ach déan é

IMLEABHAR 5 EAGRÁN 5 MEÁN-DEIREADH FÓMHAIR 2018

AN PHRÍOMHCHATHAIR GHAELACH!

Níl sé deacair bheith éadóchasach faoi staid na Gaeilge, go háirithe agus an rialtas agus an státseirbhís á brú ar an imeall i gcónaí. Ach uaireanta briseann gathanna an dóchais trí scamail dhubha an duaircis. Bhí raidhse imeachtaí suimiúla bríomhara le fáil trí mheán na Gaeilge i nDeireadh Fómhair agus an chuid is mó acu saor do chách. Thosaigh siad le tráthnóna staire i gCaisleán Bhaile Átha Cliath ar an 7ú lá, an chéad uair le Gaeilge ar chlár Fhéile na Staire, eagraithe ag Anne-Marie Kelly, Leabharlannaí Rannáin. Faraor ní raibh ach cúigear déag nó mar sin i láthair. Beidh sé deacair iarraidh ar bhargas na cathrach léachtaí i nGaeilge a chur ar fáil i 2019 ach déanfaimid iarracht. Bhí IMRAM, Féile Litríochta Gaeilge ar siúl idir 15-20 DF le ceol, amhránaíocht, filíocht agus léachtaí acadúla. Bhí lá iontach spéisiúil againn ag Comhdháil Mháirtín Ó Direáin i gColáiste na Tríonóide le cur síos ar phearsantacht agus ar fhilíocht an sárfhile agus lá eile sa Choláiste Ollscoile, Belfield faoin Aistriúchán Líteartha Gaeilge in Éirinn agus thar lear. Bhí an tinreamh ([attendance](#)) ag na hócáidí sin níos fearr ach ba cheart go mbeadh siad plódaithe agus an líon Gaeilgeoirí atá sa Phríomhchathair.

Lean na maidineacha caife agus na ciorcail chomhrá ar aghaidh mar is gnáth, cuid acu níos bríomhaire agus níos díograisí ná cuid eile. Má thaitníonn deoch leat bhí na Preab-Gaeltachtaí ann duit. Tá siadsan leathnaithe go dtí na bruachbhailte anois. Thug an tArdmhéara Niall Ó Rinn cuairt ar an cheann sa Bayside Inn i gCois Bá (thíos) a mbíonn ar siúl an tríú Déardaoin gach mí. Mar sin tá saol bríomhar, ceolmhar, cairdiúil, agus oideachasúil lán de spraoi le fáil ag Gaeilgeoirí Bhaile Átha Cliath. Is trua nach bhfuil gach mí chomh Gaelach le Deireadh Fómhair. B'fhéidir go mbeidh siad amach anseo!



CEACHT BEAG GAELIGE: NA PRÍOMHAIRDE



Is iad na ceithre príomhairde (**Cardinal Points**) ná an Tuaisceart (**the North**), an Deisceart (**the South**), an tOirthear (**the East**) agus an tIarthar (**the West**).

Má tá duine **ag gluaiseacht ón gcainteoir** chuig an suíomh deirtear:

ag dul **ó thuaidh** (**going to the north/northwards**), ag dul **ó dheas** (**going to the south/southwards**), ag dul **soir** (**going to the east/eastwards**), ag dul **siar** (**going to the west/westwards**)

Má tá duine **ag teacht i dtreo an chainteora** ón suíomh deirtear:

ag teacht **aduidh** (**coming from the north**), ag teacht **aneas** (**coming from the south**), ag teacht **anoir** (**coming from the east**), ag teacht **aniar** (**coming from the west**)

Má tá tú ag caint faoi dhuine atá lonnaithe sa suíomh deirtear:

tá sé **thuaidh**/sa tuaisceart (**in the north**), tá sí **theas**/sa deisceart (**in the south**), tá sé **thoir**/san oirthear (**in the east**), tá sí **thiar**/san iarthar (**in the west**).

An ghaoth aduidh bíonn sí cruais cuireann sí gruaim ar dhaoine.

An ghaoth aneas bíonn sí tais is cuireann sí rath ar shíolta.

An ghaoth anoir bíonn sí tirim is cuireann sí sioc istoíche.

An ghaoth aniar bíonn sí fial is cuireann sí iasc i líonta.



ROTHAÍOCHT SAN EORAIP

Finbar Greany

Is breá an rud bheith ag rothaíocht trasna na hEorpa ag am seo na bliana. Faoi Mheán Fhómhair gabh mé agus triúr de mo chairde ar thuras ó Passau sa Ghearmáin, An Ostair, An tSlóvaic agus an Ungáir. Bhí an aimsir go hálainn an t-am go léir. Níor thit an teocht faoi fhiche trí chéim aon lá, agus ó am go ham shroich sé tríocha. Ní raibh deacrachtaí móra ar an turas, agus bhíomar ar aon intinn an chuid is mó an ama.

Ar an tslí thugamar cuairt ar chathracha éagsúla. Chaitheamar tamall gearr i Vín, sa Bhrataisláiv, agus in Linz, agus ina lán áiteanna eile. Bhain mé a lán taitnimh as an chuairt go dtí An Bhrataisláiv mar ní raibh mé san áit álainn go dtí sin.

Chomh maith le sin chuamar trí áiteanna atá an-suimiúil - fionghoirt san Ostair, feirmeacha móra leathana sa tSlóvaic agus sráidbhaile gleoite lena gcuid tithe, séipéil agus scrínte (**shrines**) sainiúla (**distinctive**) san Ungáir. Agus bhí an fion go hálainn freisin!

Ar an meán, bhí na cosáin rothaíochta sábháilte, ach amháin san Ungáir. Bhí orainn rothaíocht ar bhóithre móra ó am go ham, cuid acu contúirteach, agus trí chosáin choillteacha (**wooded**), mhíchothroma agus conairí camchuirteacha (**rambling pathways**), agus caola a bhí lán le phoill. Bhí sé deacair go leor rothaíocht sa tír sin agus bhí an tslí bhaolach in áiteanna. Ach bhíomar cúramach agus i ndeireadh an lae níor tharla aon bhotún.



Ach, pé scéal é bhaineamar a lán taitnimh as an turas.

Thaistealaíomar ceithre chéad caoga míle nó mar sin ar ár rothair. Chuamar gar don abhainn, an Danóib, an chuid is mó an ama. Sin scéal mór an turas. Is cinnte go bhfuil dath gorm ar an Danóib, in áiteanna ar a laghad. Bhí Johann Strauss cruinn!

SCÉAL GRINN NA MÍOSA

Pádraig Mac Éil

Bhí dubhfhuath ag Seán ar chat riabhach a mhná céile, Máire. Bhí ailléirge air leis agus i gcónaí nuair a thagadh sé abhaile ó lá fada crua tuirsiúil oibre bhíodh an cat ina shuí go bogásach ar tholg Sheáin agus ní ligfeadh a chéile dó an cat a ruaigeadh as. I ndeireadh na dála ní raibh sé in ann an cat a sheasamh agus shocraigh sé fáil réidh leis an ainmhí. Chuir sé an cat ina ghluaisteán agus thiomáin sé cúpla míle ón teach agus d'fhág sé i bpáirc é. Bhí aoibh an ghéire ar a bhéal ar a shlí abhaile ach nuair a shroich sé geata an tí chonaic sé an cat ag siúl go maorga suas an cosán i dtreo an dorais. An lá ina dhiaidh sin thóg Seán an cat 5 mhíle ón teach, chaith sé amach as an ngluaisteán é agus d'imigh sé abhaile ar luas na gaoithe. Chuir sé an gluaisteán sa gharáiste agus chuaigh sé isteach sa teach ag feadaíl. Bhí an dubhiontas air nuair a chonaic sé an cat agus é sínte amach ar a tholg sa seomra suí. Thiomáin Seán 10, 15 agus 20 míle leis an gcat na laethanta ina dhiaidh sin ach bhí an cat ar ais ina theach roimhe gach uair. Bhí mearbhall iomlán air. “B'fhéidir go bhfuil sé ag féachaint as fuinneog an ghluaisteáin ag cur an tslí de ghlanmheabhair chun go mbeadh eolas na slí abhaile aige”, dúirt sé leis féin. An lá ina dhiaidh sin chuir sé dallóg thar shúile an chait agus chuir sé isteach i gciseán é. Thiomáin sé a bhealach i bhfiarlán ag casadh ar chlé, ar dheis, ag dul ar ais ar chuid na slí agus suas bóthar sléibhe cam casta lúbach. Bhí an dorchadas ag titim nuair a stad sé chun an cat a scaoileadh amach sa bhfásach. D'imigh an cat agus a eireaball ina cholgsheasamh.



Cúpla uair ní ba dhéanaí fuair Máire glaoch gutháin. Chuala sí guth Sheáin. “A Mháire, a ghrá, an bhfuil an cat sa teach?” a d'iarr sé. D'fhéach sí isteach sa seomra suí agus chonaic sí an cat ina luí ar tholg Sheáin ag sú teasa na tine. “Tá sé anseo”, d'inis sí do Sheán, “cén fáth a bhfuil tú á iarraidh”. “Cuir ar an nguthán é ar son Dé”, arsa Seán, “tá mé i mbosca teileafóin thuas sna sléibhte dorcha. Chuaigh mé ar seachrán agus tá súil agam go mbeidh an cat in ann na treoracha a thabhairt dom conas dul abhaile”!



“Cúpla uair ní ba dhéanaí fuair Máire glaoch gutháin. Chuala sí guth Sheáin. “A Mháire, a ghrá, an bhfuil an cat sa teach?” a d'iarr sé. D'fhéach sí isteach sa seomra suí agus chonaic sí an cat ina luí ar tholg Sheáin ag sú teasa na tine. “Tá sé anseo”, d'inis sí do Sheán, “cén fáth a bhfuil tú á iarraidh”. “Cuir ar an nguthán é ar son Dé”, arsa Seán, “tá mé i mbosca teileafóin thuas sna sléibhte dorcha. Chuaigh mé ar seachrán agus tá súil agam go mbeidh an cat in ann na treoracha a thabhairt dom conas dul abhaile”!




Foclóirín

dubhfhuath - **black hate**; riabhach - **tabby**; ailléirge - **allergy**; i gcónaí - **always**; tháinig - **came**; crua - **hard**; tuirsiúil - **tiring**; ina shuí - **sitting**; go bogásach - **smugly**; tolg - **sofa**; ní ligfeadh - **would not allow**; ruaigeadh as - **drive out of it**; i ndeireadh na dála - **finally**; in ann - **able**; a sheasamh - **to stand**; shocraigh - **decided**; fáil réidh leis - **get rid of him**; ainmhí - **animal**; gluaisteán - **motor-car**; thiomáin - **drove**; páirc - **field**; aoibh an ghéire ar a bhéal - **a smile on his lips**; slí - **way**; shroich - **reached**; geata - **gate**; go maorga - **majestically**; cosán - **foot-path**; i dtreo - **towards**; ina dhiaidh sin - **after that**; chaith - **threw**; ar luas na gaoithe - **like the wind**; garáiste - **garage**; ag feadaíl - **whistling**; dubhiontas - **astonishment**; sínte amach - **stretched out**; seomra suí - **sitting-room**; roimhe - **before him**; gach uair - **every time**; bhí mearbhall iomlán air - **he was mystified**; b'fhéidir - **perhaps**; ag féachaint - **looking**; fuinneog - **window**; eolas - **knowledge**; de ghlanmheabhair - **off by heart**; dallóg - **blindfold**; súile - **eyes**; ciseán - **basket**; bealach - **way**; fiarlán - **zigzag**; ag casadh - **turning**; bóthar sléibhe - **mountain road**; cam - **crooked**; lúbach - **twisting**; dorchadas - **darkness**; ag titim - **falling**; stad - **stop**; scaoileadh - **release**; fásach - **wilderness**; eireaball - **tail**; ina cholgsheasamh - **erect**; glaoch - **call**; guthán - **phone**; a ghrá - **my love**; d'iarr - **asked**; ina luí - **lying**; ag sú teasa an tine - **soaking up**; bosca teileafóin - **telephone box**; dorcha - **dark**; ar seachrán - **gone astray**; tá súil agam - **I hope**; treoracha - **directions**; tabhairt - **give**; conas - **how**; dul abhaile - **to go home**;

AN FLIÚ DUBH 1918 - I

Pádraig Mac Éil

Chuir Sos Cogaidh Shamhain 1918 deireadh le Cogadh Domhanda I inar maraíodh timpeall 16 mhilliún duine. Ach bhí marfóir (**killer**) nádúrtha, “*An Fliú Spáinneach nó Dubh*”, ag troid leis an gcine daonna idir 1918 agus 1919. Deir cuid de na heolaithe gur mharaigh sé idir 50 is 100 milliún duine, 3-5% dhaonra an domhain, cé go ndúirt eolaithe eile le déanaí gur níos lú ná 25 mhilliún a fuair bás.



Tá tionchar ag an pataigin (**pathogen**), ag an t-óstach (**host**) agus ag an timpeallacht ar dhéine (**severity**) an ghalair. Víreas fliú A (ar chlé) ba chúis leis an ngalar. Ní raibh na heolaithe in ann víreas a fheiceáil go dtí na tríochaidí nuair a bhí an leictreonmhicreascóp le fáil. Ó 1995 rinne eolaithe iarracht víreas 1918 a athchruthú trí cartlann fíocháin (**tissue archive**) ó íospartaigh (**victims**) 1918 agus trí fíocháin ó choirp a bhí curtha i dtalamh síorshiochta (**permafrost**) in Alaska agus san Iorua i 1918 a staidéar. I gcás fliú is minic nach dtagann an bás díreach ón víreas féin ach ó ghalair tánaisteacha (**secondary diseases**) cosúil le niúmóine (ó bhaictéir atá lonnaithe sa bhéal a bhogann go dtí na scamhóga) nó ó thaom chroí nó ó stróc. Tá tionchar ag sláinte ginearálta an daonra freisin. I 1918 tar éis 4 bliana de chogadh bhí ganntanas bia ag cur isteach ar an chuid an phobail. Bhí a lán saighdiúirí tar éis teacht le chéile ó thíortha éagsúla agus chabhraigh taisteal, róphlódú (**overcrowding**) agus droch-shláinteachas (**hygiene**) le scaipeadh an ghalair. Mar sin tá sé deacair fós bheith cinnte faoi eipidéimeolaíocht ghalair 1918 nó fiú faoin víreas féin.

Tharla an galar i dtrí rabharta (**waves**). Paindéim (**pandemic**) a bhí ann, i.e. ráigeanna (**outbreaks**) galair ar fud an Domhain. Roimh sé mhí bhí sé i Meiriceá, san Eoraip, san Afraic, san Astráil, sa tSín agus san India. I measc na hairíonna (**symptoms**) sa chéad rabharta (Earrach/Samhradh 1918), a bhí ina ghalar éadrom (**mild**), bhí easpa fuinneamh, cráphianta (**aches**), ardú teochta, frithbhualadh neamhsheasamhach (**unstable pulse**), scornach thinn, tinneas cinn, easpa goile, agus pianta gastristéigeacha (**gastrointestinal**). Bhí an galar sa dara rabharta (Fómhair agus tús Gheimhreadh 1918) níos measa le haimhréidh scamhógach (**pulmonary complication**) ag tarlú go tapa, agus le hionfhabhtú (**infection**) scamhóige (**lung**), niúmóine broinceach nó fuil-nimhniú á leanúint. Uaireanta bhí dath corcra nó fiú dubh ar an othar (an t-ainm “*An Fliú Dubh*” dá réir sin). Mharaigh an cineál nimhneach sin daoine óga fásta sláintiúil taobh istigh de 24 huair. Tharla an tríú rabharta nimhneach i dtús 1919. Bhí ráta báis difriúil i dtíortha éagsúla, 2-3% (nó 10-20% i dtuairiscí eile) i gcomparáid le gnáthráta 0.1% ón bhfliú. Fuair 500,000 bás i Stáit Aontaithe Mheiriceá, 200,000 sa Bhreatain, 400,000 sa Fhrainc agus 20,000 in Éirinn.

Ceaptar gur tháinig an víreas (H1N1) ó éan éigin i dtús (fliú éanúil). Níltear cinnte cár thosaigh an ráig. Tugadh an t-ainm “*An Fliú Spáinneach*” air toisc go raibh scéalta faoi sna nuachtáin sa Spáinn (tír neodrach) agus go bhfuair an rí Alfonso XIII é. Bhí cinsireacht i réim sna tíortha a bhí ag troid agus ní raibh mórán faoin ráig sna nuachtáin. Deirtear go raibh galar le hairíonna cosúil leis an ráig i measc saighdiúirí in Étapes agus in Aldershot geimhreadh 1916; b’fhéidir gur tháinig an víreas go dtí an Eoraip leis na saighdiúirí Meiriceánacha nó leis na 96,000 Síneach a tógadh don Eoraip chun oibriú ar chúl na línte míleata. I ndáiríre níl fhios againn fós. De ghnáth bíonn an ráta báis is airde i ráig fhliú ag páistí faoi 5 bliana d’aois agus ag daoine níos sine ná 65 bliana ach i 1918 ba iad na daoine idir 20 agus 40 bliain d’aois is mó a fuair bás. Tá teoiricí éagsúla ann chun sin a mhíniú ach níl freagra na ceiste againn fós.



Cén seans atá ann go dtarlóidh ráig mar ráig 1918 arís? Sin ceist a bhíonn eolaithe An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte buartha faoi. Caithfidimid a bheith san airdeall (**vigilant**) i gcónaí.

BLIAIN NA GAELIGE FAOIN TUATH

Antóin Ó Sheaghda

Mar is eol daoibh, tá ‘Bliain na Gaeilge’ againn anois ach tá sé ag druidim uainn agus ba cheart dúinn rud a dhéanamh don bhliain speisialta seo. Mar a deirtear ‘*As síol beag a fhásann an crann is airde*’ ([great oaks from little acorns grow](#)). Tá fhios agam go raibh daoine ag scríobh alt don iris seo, daoine eile ag dul go dtí an Ghaeltacht, agus ag freastal ar mhaidineacha caife nó ar ranganna Gaeilge. Lean ar aghaidh leis an obair mhaith mar tá ár dteanga faoi bhrú agus ní féidir linn bheith ag brath ar éinne, go háirithe ar an rialtas.



Nach raibh samhradh thar barr againn i mbliana? Bhíos féin thíos i gCiarraí ar feadh cúpla mí, cuid den am ag tabhairt aire do bheithigh agus obair eile mar sin. Obair dhian ach bhí teach tábhairne in aice liom agus bhíos in ann mo scíth a ligean anois is arís ag caint le mo chomharsan áitiúla faoin aimsir, agus faoin Aontas Eorpach (AE) agus ag gearán ([complaining](#)). Bhuel nach mbíonn na feirmeoirí i gcónaí ag gearán?!!

Bhí an t-ádh liom go raibh ‘Féile Speisialta’ sa pharóiste don chéad uair i mbliana, i gcuimhne ar fhíle a bhí ina mhúinteoir i scoil scairte ([hedge school](#)) san áit agus a bhunaigh ‘cúirt’ d’fhilí, múinteoirí, ceoltóirí agus scríbhneoirí dhá chéad bliain ó shin. Thosaigh an fhéile le hAifreann as Gaeilge. Ba é sin an chéad Aifreann Gaeilge sa pharóiste leis na céadta bliain, agus bhí áthas agus ionadh ar roinnt daoine go raibh Gaeilge líofa ag an sagart paróiste, mar níor chuala siad é ag labhairt na teanga riamh. Bhí slua mór sa Teach Pobail i gcomhair an tsearmanais agus bhí cór ón nGaelscoil áitiúil i láthair. I rith na féile, bhí comórtas as Gaeilge sa scríbhneoireacht (gearr scéalta) agus san fhilíocht do dhaltáí scoile agus do dhaoine fásta. Bhí maidin chaife as Gaeilge againn freisin agus bhain go leor daoine sult as sin. Tá súil agam go mbeidh an fhéile againn arís an bhliain seo chugainn agus le níos mó imeachtaí as Gaeilge.



BREATIMEACHT

Ben Mac Lochlainn

I gceann sé mhí (agus é seo á scríobh), ar an 19 Márta 2019, beidh an Ríocht Aontaithe ag fágáil an tAontas Eorpach nó Aontas na hEorpa, más fearr leat. Is cailliúint mhór í sin don Eoraip ó thaobh cumhachta míleata, daonra tíre, agus cúrsaí eacnamaíochta is airgeadais de. Ach, cad a thug ar an mBreatain tabhairt faoin eachtra sin? Dúradh ag an am go sábhálfadh an Ríocht Aontaithe €350 milliúin in aghaidh na seachtaine, go mbeadh smacht aici ar líon na n-imirceach a bhí ag teacht isteach ón Eoraip agus freisin nach mbeadh sí faoi réir rialacha Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ([Court of Justice of the European Union](#)) – go mbeidh sí in ann a rialacha féin a chumadh. Agus na gealltanais órga sin á thabhairt, cé hé an duine nach roghnódh éalú as? Mar sin féin, tá sé deacair a chreidiúint go bhfuil an tír ag fágáil tar éis í a bheith ina ball le daichead-a-cúig bliana. Chuaigh sí isteach i gComhphobal Eacnamaíochta na hEorpa (an EEC mar a bhí ag an am) sa bhliain 1973 mar aon leis an Danmhairg agus linne. Is tír Eorpach í an Bhreatain. Tá an t-uafás tugtha aici do chultúr na hEorpa agus don domhan uile. “*Táimid ag tréigean an tA.E. ach nílimid ag tréigean na hEorpa*”. Sin a deir siad...i ndáiríre! “*Beimid níos fearr as agus ár mbealach féin á dhéanamh againn*”. A leithéid de ráiteas dá seanchairde! Agus cad faoi na tíortha beaga iar-Shóivéadacha a lorg, ar chúiseanna slándála ([for reasons of security](#)), ballraíocht an Aontais Eorpaigh ina raibh an R.A. láidir cumhachtach mar chuid de? Nach orthusan atá an díomá ([disappointment](#)) anois?





CUAIRT AR AN mBLASCAOD MÓR

Seosaimhín Ruiséil

Bhí sé ar intinn agam le fada cuairt a thabhairt ar an mBlascaod Mór. Bhíos ann na blianta ó shin agus mé im'dhéagóir. Mar aon le gach scoláire eile, bhí *Peig* ar an gclár don Ardteistiméireacht, ach ba bheag meas a bhí agam ar an scéal leadránach sin agus mé óg. Le himeacht aimsire d'athraíos mo mheon, áfach. Tar éis céim BA a bheith bainte amach agam i gColáiste Ollscoile Átha Cliath fuair mé post i meánscoil i ndeisceart na cathrach. Bhí *Peig* á mhúineadh agam agus



d'éiríos an-tugtha dá dírbheathaisnéis, cur síos Pheig ar a hóige i mBaile Bhiocáire, leithinis an Daingin, í ag obair i dteach tábhairne Uí Churráin in aois a 12, a pósadh agus a céad chúirt ar an oileán lena fear chéile. B'iontach an méid a d'fhulaing sí. Ghlac sí go foighneach le cruatan an tsaoil gan ghearán. B'shin toil Dé.

Bhí deis agam an Lúnasa seo chaite athchúirt a thabhairt ar an oileán. Maidin álainn ghrianmhar a bhí ann nuair d'fhágamar cé Dhún Chaoin i mbád beag. Níor thóg an turas ach fiche nóiméad agus bhí an fharraige ciúin, na róna go flúirseach ag snámh timpeall agus muid ag druidim ar an oileán. B'iontach an radharc é na hoileáin uilig inár dtimpeall agus tháinig scéalta Pheig ar ais chugam, na caoirigh ar Bheiginis, fir ag iascach thart ar An Tiaracht, Inis na Bró agus Inis Mhic Uileáin.

Tá an seanteach a bhí ag Peig ina fhothrach anois, mar aon leis na tithe eile mórthimpeall. Is uaigneach an radharc é nuair a smaoiníonn tú ar an saol meidhreach a bhí ann tráth. Ach tá an dara teach a bhí ag Peig atógtha, an ceann a fuair sí ó Bhord na gCeantar Cúng ([Congested District Board](#)). Is caifé anois é, gan focal Gaeilge ag an lucht freastail istigh ann.



Is le hOifig na nOibreacha Poiblí (OOP) 80% den oileán anois. Iad siúd a rinne an obair aththógála ar na tithe a bhfuil an cháil is mó orthu. Is féidir dul isteach i dteach Thomáis Uí Chriomhthain anois agus é a fheiceáil faoi mar a bhí sé tráth, an drisiúr sa chistin, an leaba i seomra beag le hais na cistine. Thug treoraí ón OOP léacht iontach faoi chúrsaí an tsaoil ar an oileán, na scríbhneoirí uilig a d'fhág a saothair – Tomás Ó Criomhthain a scríobh *An tOileánach*, Muiris Ó Súilleabháin a scríobh *Fiche Bliain ag Fás*. Tá teach Mhuiris Uí Shúilleabháin atógtha anois ag an OOP.

Chonaiceas athuair an Trá Bhán, álainn faoin ghrian agus na céadta rón ina luí ar an ngaineamh bán. Chuir sé Eibhlín Nic Niocaill i gcuimhne dom, cara le Pádraig Mac Piarais, a bád Lúnasa 1909 agus í ag iarraidh cailín óg a shaoradh. Bád mac Thomáis Uí Chriomhthain, Dónall, san eachtra céanna.

Chualamar tuairisc ar an bhfile cróga sin, Piaras Feiritéar, an caisleán a bhí aige ar an oileán agus an t-ómós a bhí ag muintir na háite dó. Dóibh siúd ba laoch Éireannach é a throid ar son a thíre, ach chroch na Sasanaigh é mar fhealltóir ([traitor](#)).



Mo léan, níl duine ar bith ina chónaí ar an oileán anois. Tagann mic léinn ar thuras gairid i rith an tSamhraidh. D'fhág muintir na háite, ina nduine agus ina nduine ar imirce go Springfield sna Stáit Aontaithe. Ní raibh fágtha ach 22 duine nuair a chuir an rialtas ina gcónaí ([settled](#)) ar an mórthír iad i 1953. Tagann cuairteoirí ó Mheiriceá ag lorg rian a sinsear anois. Mar dúirt Peig agus Ó Criomhthain, “ní bheidh ár leithéid arís ann.”

FOGHLAITHE MARA AN ROIS

Seán Ó hAodha

Dhá chéad bliain ó shin bhí An Ros (Rush, Ros Eo) ina phort tábhachtach rathúil ar chósta thoir na hÉireann. Bhí cabhlach iascaigh (**fishing fleet**) mór ann. Ach bhí an baile iomráiteach de bharr imeachta eile mar bhí smuigléirí agus foghlaithe mara (pirates) ann chomh maith. Ba iad an bheirt is mó cáiliúil orthu ná Seán Ó Conchubhair (**Jack Connor**) agus Lúcas Ó Riain (**Luke Ryan**). Rugadh Seán i Loch Garman sa bhliain 1736. Bhí an t-ainm bréige “**Jack the Bachelor**” air toisc nár phós sé aon duine de na mná lenar raibh sé grámhar. Nuair a bhí sé a dhá bhliain déag d’aois tháinig a theaghlach go dtí An Ros. Bhí siad ina gcónaí ar An bPríomhshráid. Chaith Seán an t-am go léir sa chuan ag féachaint ar na báid is ar na hiascairí. Ach ní san iascaireacht a bhí an rath ach sa smuigléireacht!! Bhí An Ros mar príomhchathair smuigléireachta na hÉireann.

Nuair a fuair a athair bás thosaigh Seán mar smuigléir idir An Ros agus Oileán Mhanann. Bhí sé iomráiteach (**famous**) mar dhuine amhail Robin Hood. Chabhraíodh sé le daoine bochta agus dá réir sin ní dhearna éinne feall ar Seán. Bhíodh sé ag troid le longa na gCoimisinéirí Ioncaim óna bhád féin, “**The Royal Oak**”. Chuir an Rialtas airgead cinn (**bounty**) mór (£100) air. Chuaigh Seán go dtí an Fhrainc agus go Meiriceá, áit ar bhí sé rathúil mar smuigléir. Fuair sé bás ar ais in Éirinn sa bhliain 1772. Tá sé curtha i reilig Chionn Iúir, An Ros. Tá ríomhleabhar (e-book) le fáil ar an idirlíon má chuardaítear “**The life and adventures of Jack Connor**”.




JACK the BACHELOR, B. Graves' Edition

Foghlai mara ní ba iomráití ab ea Lúcas Ó Riain. Rugadh é sa Ros sa bhliain 1750, an mac ba shine d’fheirmeoir gíománach (**yeoman**) as paróiste Chionn Iúir. Mar fhear óg bhíodh sé ag obair ar longa ag iascaireacht agus ag trádáil as An Ros. Sa bhliain 1766 bhí sé mar phrintíseach le saor bád (**boatbuilder**) King’s as An Rinn (Ringsend). Timpeall 1777/1778 tháinig príobháideoirí (**privateers**) as Meiriceá go Muir Éireann. Bhí príobháideoirí cosúil le foghlaithe mara ach iad ag obair do rialtas éigin. D’eagraigh ceannaithe (**merchants**) as Baile Átha Cliath a dtrádáil a chosaint agus tugadh cead do Lúcas mar chaptaen na loinge “**Friendship**” troid i gcoinne aon fhoghlai mara a bhí ag ionsaí

Luke Ryan
Hibernian Magazine,
1782

longa Éireannacha. Ghabh na ribhínigh (**Revenue Officers**) “**Friendship**” agus d’fheistigh (**moored**) siad é ag An Rinn. Ach tháinig Lúcas agus criú eile as An Ros agus d’éirigh leo an long a athshealbhu (**repossess**). Sheol Lúcas go dtí cósta na Breataine Bige agus scaoil sé an criú Briotanach. Ag an am sin bhí Meiriceá ag troid i gcoinne na Breataine i gCogadh Saoirse Mheiriceá agus bhí an Fhrainc ag cabhrú leo. Tar éis seala ag obair do na Francaigh fuair Lúcas coimisiún ó Benjamin Franklin dul mar phríobháideoir i gCabhlach (**Navy**) Mheiriceá. Cuireadh Ó Riain i mbun na loinge “**Fearno**”. Sheol sé é go dtí Inse Orc (**Orkneys**) i 1780 agus ghabhadar mórán bád, cinn Bhriotanacha agus eile. Thuirling siad ar Steórnaabagh (**Stornaway**) agus rinne siad slad (**plunder**) ar an mbaile; ghabhadar a lán daoine mar ghialla (**hostages**). Ní raibh eolas ar Lúcas go ndearna Franklin cúlghairm (**revoked**) ar a choimisiún de bharr brú pholaitiúil. Tar éis tamaill bhí Ó Riain i mbun na loinge Francaí darbh ainm “**Calonne**”. Ghabh na Briotanaigh é agus cúisíodh é le tréas


(**treason**) sa chúirt **Old Bailey**. Chosain sé é féin ag rá go raibh sé ina shaoránach Francach toisc go raibh sé in Arm na Fraince ar feadh tamaill. An pionós ar thréas ag an am sin, bhí sé uafásach! Chuir an duine ciontach (**guilty**) isteach i gliabhán (**wicker cage**) agus ag am barr taoide (**high tide**) d’íslít an cliabhán san fharrage agus bháití an duine istigh. Bhí an t-ádh ag Ó Riain mar tháinig deireadh leis an gcogadh leis An mBreatain. Tugadh pardún dó tar éis achomhairc (**appeal**). Ach coimeádadh sa phríosún é de bharr fiacha (**debts**) £200. Fuair sé bás sa phríosún an 18 Meitheamh 1789. Maireann foghlaithe mara Taobh ó Thuaidh fós, na “**North Dublin Pirates**”, foireann peile Meiriceánaí a bunaíodh i Sord i 2015. Déan cuardach uirthi trí Google!



CAOMHNÚ PHORTAIGH NA hÉIREANN AGUS AN GHAEILGE *Seán Ó Fearghail*

Tá maidin i mí Feabhra 1983 fós i mo chuimhne. Bhí mé ag dul i dtreo Chluain Mhic Nóis ar mo rothar feadh an tseanbhóthair ar an Eiscir Riada in Uíbh Fhailí. Bhí fhios agam i gcónaí go raibh portaigh ann, ach ar an ábhar gur dhuine na cathrach mé mheas mé nach raibh iontu ach foinse breosla (**fuel**) do na tithe breactha ar an tír, nó do na stáisiúin chumhachta ag bun na spéire. Chuaigh mé thar phortach i ndiaidh portaigh gan ach láib (**mud**) dúdhonn le feiceáil iontu agus iarnród anonn is anall orthu. Ach ansin, mar fhaoiseamh gan choinne, chonaic mé ceann a bhí fós clúdaithe le plandaí. Bhí fógra beag ann gur An Mongán (**Mongan Bog**) a bhí ann, a bhí á chaomhnú ag *An Taisce*. Ba smaoinemh iomlán nua dom é sin, ár bportaigh a choinneáil. Ach má bhíomar ag iarraidh míolta móra (**whales**), sceireacha choiréil (**coral reefs**), foraoisí báistí (**rain forests**) na hAmasóine a shábháil rith sé liom gur luigh sé le ciall gur chóir dúinn tosú sa tír seo.

Ní ba dhéanaí i 1986 chuala mé faoi ghrúpa san Ísiltír a bhí ag iarraidh roinnt de phortaigh na hÉireann a chaomhnú. Thug siad faoi deara go raibh siad tar éis portaigh a dtíre féin go léir a scriosadh agus go raibh siad ag iarraidh taispeáint do mhuintir na hÍsiltíre féin conas a bhí an tír sin céad bliain ó shin. Ní ba dhéanaí fós rinne mé cuairt ar Dachau i nDeisceart na Gearmáine. Na laethanta seo tá clú ag Dachau as rud amháin, ach ag deireadh an 19^ú haois bhí cáil air de bharr na scoile péintéireachta a bhí ann. Thagadh na healaíontóirí móra ann chun an tírdhreach agus an timpeallacht uathúil (**unique**) a phéinteáil. Bhí an ceantar ar fad clúdaithe le portaigh, An Dachau Moos iomráiteach, nach bhfuil rian díobh fágtha anois, cosúil leis an gcuid is mó de na portaigh i lár na hÉireann.



Ina dhiaidh sin thosaigh mé ag cuidiú le saothar Chomhairle Chaomhnaithe Phortaigh na hÉireann (**Irish Peatland Conservation Council, IPCC**) chun ár bportaigh a shábháil. Féach www.ipcc.ie/a-to-z-peatlands/dutch-irish-bog-conservation. Níl aon amhras ach go gcaithfear tacú leis an IPCC ionas go mbeidh na glúine atá le teacht in ann féachaint ar phortaigh cearta in Éirinn in ionad an chumha a bhíonn ar mhuintir na hÍsiltíre agus na Gearmáine agus iad ag féachaint ar seanphictiúir. Bím fós ag obair leo.



Le linn an ama chéanna ba chosúil go raibh gné eile de shaol na tíre ag trá os comhair mo dhá shúil. Go dtí aimsir ár sinsear cóngarach bhí an Ghaeilge ní ba fhorleithne ar fud na tíre ná na portaigh fiú agus ní ba choitinne fós i saol na ndaoine. Ach in intinn mhuintir na hÉireann tá an cuma ann go bhfuil sí i ndeireadh na feide (**at the last gasp**) mar aon le fuilleach na bportach, agus nach mairfidh ceachtar acu rófhada, agus níos measa fós, nach fiú bacadh leo. Ach mhothaigh mé go raibh an teanga ní ba thábhachtaí – tá sé mar dhualgas ar mhuintir na hEorpa ar fad na portaigh a chaomhnú, ach linne amháin atá an teanga, atá mar chuid lárnach chultúr na hÉireann.

I mo thuairim, tagann dhá chuid de chultúr na hÉireann le chéile san obair atá ar bun chun portaigh agus teanga na hÉireann a chaomhnú, a thacú agus a neartú. Is cuid d'éagsúlacht beatha agus cultúrtha an domhain iad. Mar sin tugaim tacaíocht don dá cheann acu.





1918 - AN tATHRÚ MÓR IN ÉIRINN

Seán Ó Ceallaigh

Ba ríthábhachtach an bhliain 1918 i gcúrsaí staire domhanda! I dtosach na bliana bhí cogadh impireachta ar siúl agus ag deireadh na bliana bhí a lán de na himpireachtaí imithe is tíortha nua ar an léarscáil. Fiú amháin inniu is féidir a lán fadhbanna domhanda a chur le bonn ó na cinntí (**determinations**) a rinneadh i ndiaidh Chogadh Domhanda I i gConradh Versailles 1919.

Nuair a thosaigh Arm na Gearmáine ionsaí mór i mí an Mhárta 1918 bhí baol ann go mbeadh an bua acu sa Fhrainc. Shocraigh Rialtas na Breataine ar coinscriobh éigeantach (**compulsory conscription**) a thabhairt isteach ar oileán na hÉireann. Ba bheag an chumhacht a bhí ag Páirtí Shinn Féin go dtí sin ach de bharr stailceanna agus ollshlógaí (**monster rallies**) i gcoinne an Choinscríofa, mhéadaigh lucht leanúna an Pháirtí sin go tobann; ansin mar bharr ar an donas, ó thaobh na Breataine de, dúirt na Sasanaigh go raibh uisce faoi thalamh (**conspiracy**) ar siúl idir An Ghearmáin is Páirtí Shinn Féin, rud nach raibh fíor. Cuireadh ceannairí an Pháirtí sin i bpríosún. Níor chreid mór mór an phobail an scéal faoin gcomhoibriú idir SF agus An Ghearmáin is bhí bua mór ag Sinn Féin nuair a bhí ollthoghchán ann ag deireadh na bliana. Rud eile a bhí ar thaobh chás Shinn Féin ná gur leathnaigh Rialtas na Breataine an ceart vótála do thoghchán 1918. An chéad cúis leis sin ná go raibh an Pobal ag gearán go raibh saighdiúirí ag troid ar son a dtíre nach raibh cead acu, de bharr a n-óige,





vótáil i dtoghchán ar bith. D'íslíodh aois vótála fir go dtí 21 bhliain d'aois. Chomh maith leis sin fuair mná ceart vótála don chéad uair, cé go raibh orthu bheith os cionn 30 bliain d'aois agus ina húinéir tí nó pósta le fear a raibh a theach féin aige; ach ba thosach maith é ar aon nós. Leis na haithruithe (**changes**) sin, araon, mhéadaigh an líon vótála sa tír seo ó 700,000 go dá mhilliún, sé sin 75% an daonra. Ar ndóigh bhí formhór tacaíochta (support) Shinn Féin i measc

na ndaoine “nua” vótála.

I dtosach 1918 bhí 80 suíochán ag an bPáirtí Rialtas Dúchais, Páirtí Parlaiminteach na hÉireann (**Irish Parliamentary Party**), ach tar éis an olltoghcháin, 14 Nollaig, ní raibh ach 6 cinn fágtha acu. Ar an lámh eile fuair Sinn Féin 73 suíochán, a lán acu ar son teachtaí a bhí gafa fós! Shocraigh SF gan aon suíochán a líonadh thall i bParlaimint Westminster (an polasaí atá ag SF don lá atá inniu ann). I measc a theachtaí bhí an chéad bhean a toghadh don Pharlaimint, An Chuntaois Markiewicz. Sa Bhreatain Mór ní raibh ach 17 mbean i measc an 1,6000 duine a bhí ag iarraidh suíocháin in Ollthoghchán 1918. An t-aon bean astu a bhuaigh suíochán ná An Chuntaois.

Ó shin (1918) i leith toghadh (**elected**) 114 ban don Dáil ach níor bhuaigh siad níos mó ná 22% de na suíocháin in aon toghchán amháin. Níl ráta níos lú ná sin ag tíortha oirthear na hEorpa. Is í an Íoslainn (**Iceland**) atá ar bharr an liosta le 48% dá feisirí ina bean. Tá níos mó dul chun cinn le déanamh amach anseo, measaim, ar líon na mban sa pholaitíocht sa tír seo.






CROSFHOCAL BÉARLA-GAEILGE XBG-35

TRASNA

SÍOS



1	cave (6)	2	lodging (7)
5	plea (6)	3	cliff (4)
9	weak (3)	4	batsman (6)
11	surgeon (7)	5	interview (6)
12	strange (7)	6	name (4)
13	battle (4)	7	impulsive (7)
14	insult (5)	8	control (6)
16	blade (4)	10	salvationist (6)
18	idol (3)	15	benefit (7)
20	ripple (6)	17	tackled (5)
23	battler (6)	19	carol (5)
25	help (7)	21	on me (3)
26	about (2)	22	infant (3)
27	way (3)	23	basket (3)
28	soot (6)	24	but (3)
32	high (3)	26	floor (3)
34	pool (4)	29	battery (5)
35	butter (2)	30	barley (7)
36	king (2)	31	narrative (5)
37	between (4)	32	fool (6)
39	wasted (3)	33	dew (6)
41	racket (7)	38	mouth (5)
42	cases (7)		
43	ford (3)		
44	battalion (7)		
45	comatose (7)		



CUARDACH FOCAL 35

feithidí 2 / insects 2

S	L	D	R	E	A	N	C	A	I	D	O	L	E	D
N	Á	H	M	A	N	R	A	E	C	A	Á	M	H	R
S	L	A	N	S	F	R	I	T	C	I	L	H	C	I
Á	C	R	N	C	L	O	R	Ú	R	A	C	A	I	U
B	D	A	A	A	D	I	C	N	I	A	R	D	O	I
N	E	P	R	Ó	G	A	U	D	E	L	L	A	H	L
S	Á	Ó	D	A	E	O	I	H	P	M	L	O	F	L
Á	S	L	A	R	B	R	B	L	C	G	I	I	L	I
B	E	A	L	A	D	N	N	A	Ó	D	U	L	Á	A
H	B	R	T	A	I	Ú	I	R	C	T	A	Ó	G	T
C	N	B	S	Á	P	H	P	Á	N	H	C	L	Ó	G
H	I	S	R	S	O	M	C	B	A	R	Á	C	S	F
U	Á	C	L	O	A	D	U	S	L	E	É	N	M	L
I	R	É	A	L	D	O	I	R	B	C	D	A	L	Á
L	C	H	D	L	I	U	H	C	T	I	R	F	P	G

cearnamhán (cockchafer)	gobachán (weevil)
cráinbheach (queen bee)	ladrann (drone)
daoi (ground beetle)	lampróg (firefly)
deá (chafer)	sábhchuil (sawfly)
doirb (water beetle)	scarab (scarab beetle)
dreancaid (flea)	sladchuil (robber fly)
fritchuil (frit fly)	táilliúir (whirligig beetle)
gálfhoiche (gall wasp)	trumpallán (dung beetle)

AN TAOBH Ó THUAIDH

AN BOCÁNACH *Pádraig Mac Éil*


Bhí sceitimíní ar na réalteolaithe le déanaí nuair a foilsíodh an scéal gur aimsíodh abhacphláinéad (**dwarf planet**) nua (2015TG387) sa Ghrianchóras (**Solar System**). I 2015 a thángthas air i dtús ach thóg sé trí bliana chun cinneadh a dhéanamh ar a fhithis (**orbit**) timpeall na gréine. Toisc an t-eolas nua á fhoilsiú gar don Samhain, moladh an t-ainm “**The Goblin**” (An Bocánach?) dó. Ceaptar go bhfuil trastomhas 300 km (186 mhíle) aige agus mar sin go bhfuil sé sféarúil. Tá sé 65 AU (aonad réalteolaíoch; 1 AU = 93 mhiliún míle) ón ngrian ag a pherihéilean (a fhad is gaire don ghrian) agus 2,300 AU ón ngrian ag a apaihéilean (a fhad is faide ón ngrian). Tógann sé 40,000 bliain dó dul timpeall na gréine toisc an fhithis fadaíthe (**elongated**) atá aige (léaráid).

Tá An Bocánach cnuasaithe (**clustered**) sa Scamall Immheánach Oort (**Inner Oort Cloud**) le dhá réad (**object**) eile, 2012VP113 agus Sedna. Tá siad faoi thionchar (**influence**) fórsa domhantarraingthe éigin, b’fhéidir an Pláinéad IX a bhfuil réalteolaithe á lorg le fada, agus ceaptar, atá deich n-uaire níos troime ná an Domhan agus i bhfithis 600 AU ón ngrian ar a mheán. An bhfuilimid ar tí teacht ar an pláinéad miotasach (**mythical**) IX faoi dheireadh?

AG MEILT AMA

Táim anseo suite i mo aonar seal ag feitheamh go fonnmhar le cairde na Gaeilge. Ach níl a rian geal solasmhar le feiscint sa sráidbhaile gallda eachtrannach seo. Músclaíonn timpeallacht na dúiche crá chroí ionam, gan duine ná deoraí le Gaeilge ársa na nGael. Níl sa tír seo ach corpán is a muintir féin gan ach marbháin – Och, mo léan, mo léan. Ceisteanna ag preabarnach tríd mo cheann, ag éirí aníos ón talamh teann naofa; ach níl sa chré anois ach deannach ár sinsir.

Pádraig Ó Muircheartaigh



CROSFHOCAL BG XBG-34: RÉITEACH

1	G	2	A	N	3	D	A	4	L	5	B	A	6	R	D	7	A	L
8	P	S	Í	9	Í	D	E	O	I	10	Ó							
11	L	A	C	S	T	A	R	12	A	I	T	H	R	I	S			
U	A	H	E	C	H	E	T											
13	A	O	I	S	14	F	A	15	D	H	B	16	F	A	D	Ó		
I	L	17	D	18	C	A	T	19	P	C	I							
20	S	I	L	É	A	22	R	I	23	T	Ó	C	H	24	A	R		
Ú		25	L	A	R	D	R	Ú	S	R								
26	C	L	O	Í	T	E	E	27	S	T	U	28	A	M	29	A		
A		A		30	L	O	31	T	A	N	I							
32	S	U	33	B	H	34	G	A	35	Ú	D	36	T	A	O	S		
T	A	37	U	S	I	38	C	O	T									
39	A	R	A	C	H	T	40	S	A	O	I	S	T	E				
	R	H	41	A	R	C	I	T										
42	B	E	A	R	T	A	S	43	E	A	R	R	A	C	H			

CUARDACH FOCAL 34: RÉITEACH

B	A	R	I	A	L	L	H	B	R	A	C	R	I	S
S	Í	C	R	O	G	C	R	S	L	I	P	É	A	R
L	N	A	N	Ó	B	Ó	R	L	T	O	D	L	B	H
I	Í	N	I	I	G	N	A	I	Á	P	Á	I	U	D
D	L	M	Á	E	Á	R	É	P	Q	M	R	A	A	C
I	Í	L	H	R	B	E	P	É	H	S	P	É	I	R
E	T	M	A	A	M	Í	L	A	I	A	L	L	T	O
L	S	U	P	I	I	A	I	L	L	G	I	L	S	C
G	C	O	O	C	R	N	S	I	Í	Ó	C	I	S	H
I	R	T	P	A	N	R	N	A	Ó	A	B	A	M	Ó
A	Ó	G	S	Í	M	Í	A	Í	R	G	U	U	Ó	G
G	G	S	T	O	C	A	Í	B	B	Ó	A	G	U	A
O	A	P	O	P	T	O	H	C	O	R	C	A	Á	C
R	T	O	C	S	I	A	T	A	U	B	L	Á	I	N
B	O	N	A	S	T	O	I	S	L	I	P	É	Á	R

SEANFHOCAL


Is treise dúchas ná oiliúint
Instinct is stronger than upbringing



TUBAISTE AN RMS LEINSTER, 1918

Pádraig Mac Éil

Tamall roimh 9.00 am, 10 Deireadh Fómhair 1918 d'fhág an 3,069 tonna galtán paicéad ([Royal Mail Steamer](#)) *RMS Leinster* Cé Carlisle, Dún Laoghaire ar a shlí go Caergybi ([Holyhead](#)) sa Bhreatain Bheag. Ba ghaltán de Comhlacht Galphaicéad Chathair Átha Cliath ([City of Dublin Steam Packet Company](#)) é agus bhí sé armáilte le gunna 12 phunt amháin agus dhá ghunna comharthaíochta ([signal](#)). Baile Átha Cliathach ab ea William Birch an Captaen agus bhí 76 d'fhoireann aige. Bhí idir 692-729 paisinéir ar bord, ina measc 180 sibhialtach agus 500 pearsanra ([personnel](#)) míleata ón Aerfhórsa Ríoga, ón gCabhlach Ríoga agus ó Arm na Breataine agus ó Éirinn, ón Astráil, ón Nua-Shéalainn, ó Cheanada agus ó Stáit Aontaithe Mheiriceá chomh maith le haltraí.



Díreach roimh 10.00am taobh amuigh de Bhá Bhaile Átha Cliath, 7.4 km thoir ó shuíomh Theach Solais na Cis (tógtha níos déanaí) cóngarach do long sholais Bhanc na Cis chonaic an fomhuireán Gearmánach UB 123 é. Bhí Rialtas na Gearmáine tar éis téarmaí síochána a iarraidh ó Uachtarán SAM, Woodrow Wilson, ar an 4 Deireadh Fómhair ach ní raibh sé sin ar eolas ag ceannasaí UB 123, Oberleutnant zur See Robert Ramm (27 mbliana d'aois). Scaoil sé trí thoirpéad leis an *RMS Leinster*. Chuaigh an chéad cheann amú, bhuaíl an dara ceann chun tosaigh ar chlébhord ([portside](#)) an bháid cóngarach don seomra poist. Rinne Captaen Birch iarracht dul ar ais go Dún Laoghaire ach le mórphléascadh ghearr an tríú toirpéad an galtán ina dhá leath agus chuaigh sé go tóin poill.

Cuireadh báid tarrthála ([lifeboats](#)) i bhfarraige agus d'éirigh le cuid de na marthanóirí ([survivors](#)) greim a fháil ar raftaí tarrthála ([liferafts](#)); shábháil *HMS Lively*, *HMS Mallard* agus *HMS Seal* cuid de na daoine sin. Chabhraigh an luamh armáilte *HMY Helga* leo, an ceann céanna a scrios lár Bhaile Átha Cliath Seachtain na Cásca 1916. Ba é líon oifigiúil na marbh ná 501 as 771 (65%), an chailliúint beatha ba mhó riamh sa Mhuir Éireann. Ceaptar anois gur maraíodh 567 as 806 a bhí ar



bord. I measc na marbh bhí 115 de na 180 sibhialtach, 36 d'fhoireann an ghaltáin, 21 de na 22 oibrí poist a bhí ag obair ar bord, agus 144 den phearsanra míleata. Maraíodh Thomas Foley, deartháir chéile an amhránaí John McCormack, agus a bhean Charlotte (née Barrett), Robert Alexander, mac an cumadóra Éireannaigh Cecil Frances, na ceardchumannaithe James McCarron agus Patrick Lynch, Catherine Gould agus cúigear dá seisear páistí, agus Josephine Carr ó Chorcaigh an chéad bhall de Sheirbhís Cabhlach Ríoga na mBan a maraíodh ar fiannas ([on active service](#)). Bád an tOirmhinneach John Bantly ón Eaglais Phreispitéireach, Trá Lí agus tá sé curtha sa Reilig Nua, Trá Lí. Bhí sé ar a shlí chun cuairt a thabhairt ar a mhac a goineadh sa chogadh sa Fhrainc. Fuair seisean bás 16 Deireadh Fómhair. Shroich Captaen Birch bád tarrthála ach d'iompáigh sé béal faoi agus é ag iarraidh aistriú go dtí an *HMS Lively* agus bád é. Níor tháinig ach 5 de 15 Cheanadach (14 shaighdiúir agus altra) a bhí ar bord slán as. Tá duine acu, Private Michael Biggane, a rugadh i mBun Machan curtha i mBaile Uí Fhlaithnín i reilig Sheipéal San Áine, Port Láirge. Cuireadh an tSiúr bhanaltrais Henrietta Mellett (39), Chór Leigheas Arm Cheanada, ó Co Mhuigh Eo i Reilig Chnocán Iaróm in Áth Cliath. I measc na marthanóirí bhí Michael Joyce Teachta Parlaiminte do Luimneach agus an Captaen Hutchinson Ingham Cone iarcheannasaí an USS Dale agus an USS Dixie. Ar an 19 Deireadh Fómhair bhuaíl UB 123 mianach sa Mhuir Thuaidh agus cailleadh gach duine (36) den fhoireann.

I 2008, 90 bliain tar éis na tubaiste, d'eisigh An Post stampa comórtha don 21 bhall den seirbhís phoist a bád. Beidh taispeántais faoi chailleadh an *RMS Leinster* san Iarsmalann Náisiúnta Muirí ([National Maritime Museum](#)), Eaglais na Mairnéalach ([Mariners' Church](#)), Ardán Haigh, Dún Laoghaire ó Dheireadh Fómhair 2018.

